# Babhta Oscailte do Thograí Cómhaoinithe 2026

# Dáta Deiridh d'Iarratais: 16:00 an 23 Márta 2026

Fáilteoidh TG4 roimh iarratais do thograí cómhaonithe le craoladh ar TG4. Ní mhór a léiriú go mbeidh ábhair agus seánra na dtograí in oiriúint do sceideal agus lucht féachana éagsúla TG4. Táimid ag lorg smaointe a chuireann súil eile TG4 chun cinn, atá ag teacht le spriocanna cláir agus straitéise TG4 agus atá dírithe ar an lucht féachana atá againn sa Ghaeltacht, ar fud na tíre agus ar fud na cruinne.

Ní mór eolas a thabhairt san iarratas faoin údar a bhfuil tacaíocht TG4 ag teastáil. Beidh eolas faoi na cistí cómhaoinithe eile atá páirteach sa togra, na céatadáin mhaoinithe atá geallta agus an sciar maoinithe atá á lorg ó TG4 ag teastáil freisin.

Ní mór gurb é TG4 a bheadh ina chraoltóir eisiach in Éirinn d'aon smaoineamh atá á mholadh.

Is riachtanas de chuid TG4 é go mbeadh eolas ag comhlacht ar bith a mbronntar coimisiúnú air ar Chaighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4, Polasaí Comhlíontachta TG4 agus na hoibleagáidí reachtúla agus rialála atá i gceist faoin Acht Craolacháin 2009 chomh maith le heolas a bheith acu ar Chóid agus Rialacha ábhartha Choimisiún na Meán (CnaM.ie).

## Sula ndéantar iarratas:

- **Léigh Spriocanna Straitéiseacha TG4:** (Lch 6) agus léirigh go soiléir an chaoi a dtacaíonn do mholadh le straitéis TG4.

- **Lucht Féachana:** Luaigh go soiléir an lucht féachana ar a bhfuil do mholadh dírithe. (Páistí, aoisghrúpa 15-35, 34-54, 55+)

## Príomhphointí

**Ba chóir d'iarratasóirí:**

- Tuiscint láidir a bheith acu ar sceideal agus lucht féachana TG4.
- Déanfar gearrliosta bunaithe ar éagsúlacht an smaoinimh, riachtanais sceidealaithe agus tosaíochtaí straitéiseacha TG4. Beidh an gearrliosta curtha i gcrích roimh an 16/04/2026
- Má roghnaítear d'iarratas, déanfaidh an tEagarthóir Coimisiúnaithe teagmháil leat faoi na chéad chéimeanna eile agus faoi iarratas foirmeálta a dhéanamh.
- Moltar machnamh a dhéanamh ar sheánraí nó ábhar nach bhfuil ag TG4 faoi láthair a d'oirfeadh do spriocanna straitéiseacha agus sceideal TG4.
- Pléifear cearta ag an gcéad chéim eile den phróiséas má éiríonn leis an iarratas dul ar aghaidh chuig an ngearrliosta.

**Tábhachtach:**

- Níor cheart tograí a diúltaíodh roimhe seo a chur isteach arís gan na hathruithe a moladh a dhéanamh in aiseolas TG4 a bheith déanta orthu ar dtús.

## Riachtanais Iarratais:

- Ní mór an t- iarratas a líonadh isteach ar shuíomh eCoimisiún TG4.
- Ní mór plean airgeadais agus liosta de na maoinitheoirí eile a bheith leis an iarratas agus an céatadán maoinithe atá gach maoinitheoir ag cur ar fáil chomh maith le cur síos ar an méid atá á lorg ó TG4 .

**Cuir san áireamh:**

- Cur síos ar an smaoineamh agus ar an gcur chuige cruthaitheach

- Amlíne léiriúcháin – ní mhór a chinntiú go mbeidh an togra ar fáil le craoladh ar TG4 roimh 2028.
- Foireann agus taithí
- Léiriú ar an gcaoi a bhfuil an togra ag teacht le súil eile agus straitéis TG4
- Spriocluchta féachana
- Cur chuige eagarthóireachta teangeolaíoch don léiriú - ní mór an cur chuige atáthar a úsáid sa chlár / sa tsraith chun an Ghaeilge agus caighdeán agus saibhreas na Gaeilge a chinntiú

**Gearrliostú:** Má chuirtear do thogra ar ghearrliosta, déanfar teagmháil leat ar ríomhphost an 16 Aibreán 2026**.**

**Ábhar Ilardáin:** Beidh TG4 ag súil go mbeifear in ann roinnt ábhair a chur ar fáil ar ardáin éagsúla. Ní mór a mheas an bhfuil an t-ábhar oiriúnach do na hardáin dhigiteacha mar chuid de do chur chuige ach ní gá go mbeadh gach smaoineamh in oiriúint do na hardáin dhigiteacha.

**Tacaíocht:** Beidh eagarthóirí coimisiúnaithe TG4 ar fáil le haghaidh cruinnithe le léiritheoirí a bhfuil suim acu sa bhabhta seo. Is féidir ceisteanna a chur ar aghaidh nó plé tosaigh a eagrú ach teagmháil a dhéanamh le: maryellen.ni.chualain@tg4.ie nó Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

## Seánraí Incháilithe

### Siamsaíocht:
Táimid ag lorg smaointe nua dána, siamsúla a chuirfidh daoine ag caint. Ba mhaith le TG4 coimisiúnú a dhéanamh ar shraitheanna siamsaíochta a bhriseann an múnla; siamsaíocht fhíorasach, teaghlaigh, greann agus a thagann le 'súil eile' TG4.

### Fíorasach:
Ón stair a mhúnlaigh muid go dtí saincheisteanna an lae inniu, táimid ag lorg cláir agus sraitheanna faisnéise a spreagann, a chuireann eolas ar fáil agus a chuireann ag smaoineamh muid.

Táimid ag lorg smaointe nua do réimse leathan clár faisnéise — ábhar staire, comhaimseartha, reatha agus gach rud idir eatarthu.

**Ceol:** Táimid ag lorg smaointe nua do chláir cheoil idir cheolchoirmeacha, ócáidí, shiamsaíocht cheoil agus cheol beo a luíonn go smior le 'súil eile' TG4 agus a spreagfaidh an lucht féachana.

**Ealaíon agus Cultúr:** Táimid ag lorg clár ealaíon agus cultúir ina dtugtar dearcaí nua, ina dtugtar ardán d'ealaíontóirí agus do lucht cruthaitheacha, agus ina dtugtar faoi chur chuige nuálacha, ealaíonta agus cruthaitheach i leith na físiúlachta, na scéalaíochta agus an léirithe.

Ó chleachtais chruthaitheacha chomhaimseartha go scéalta mealltacha cultúir, táimid ag lorg smaointe teilifíse a mheallann, a spreagann, agus a thugann ardán do ghlórtha nach dtugtar aird orthu go minic.

Cláir aonair nó sraitheanna don phríomham féachana atá á lorg.

**Nóta:** Ní dhéanfar iarratais nach gcomhlíonann na riachtanais thuas a mheas.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ní mór iarratais a dhéanamh roimh an spriocam agus iad a chur ar aghaidh trí ***'Babhta Oscailte do Thograí Cómhaoinithe 2026'*** a roghnú ón roghchlár anuas. Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh molta caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie.

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle i bpraghas, ná le haon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a lua. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur faisnéis íogair í agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*

# Application Deadline: 16:00 on 23 March 2026

TG4 welcomes applications for co-funded projects to be broadcast on TG4. Proposals must demonstrate that the content and genre are suitable for TG4's schedule and diverse audiences. We are seeking ideas that promote a distinct Súil Eile perspective for TG4, and that align with TG4's programming and strategic objectives and that are aimed at Irish speaking audiences in the Gaeltacht, across the island of Ireland and internationally.

Applications must include details of why TG4's support is being sought. Information must also be provided on the other funding sources for the project, and the finance plan, including the percentage of funding committed by each funder and the percentage being sought from TG4

TG4 must have exclusive broadcast rights in the Island of Ireland for any idea being proposed.

Submissions for proposals that do not already have any funding partners in place should be made by producers in the Island of Ireland. Submissions with the majority of funding already secured may be made by producers outside of Ireland.

Submissions may be made in English but must demonstrate that content on screen can be realised in Irish or bilingually (Irish and another language). A plan to demonstrate this should be included in the application.

Submissions intended for *Coimisiún na Meán: Fís agus Fuaim and CCG (ILBF)* schemes should not be made in this round.

TG4 requires that any company awarded a commission is familiar with TG4's Programme Journalism Standards and Guidelines, TG4's Compliance Policy, and the relevant statutory and regulatory obligations under the Broadcasting Act 2009, as well as the relevant Coimisiún na Meán Codes.

## Before Applying:

- **Read TG4's Strategic Objectives (p.6)** and clearly demonstrate how your proposal supports TG4's strategy.
- **Audience:** Specify target audience (Children, 15–35, 34–54, 55+).

## Key Points – Who can Apply?

Applicants should:

- Have a strong understanding of TG4's schedule and audience.
- Note that shortlisting will be based on originality of concept, scheduling needs, and TG4's strategic priorities.
- The shortlist will be finalised before **16 April 2026.**
- If selected, the Commissioning Editor will contact you regarding next steps and a formal application process.
- Consider genres or subject areas not currently represented on TG4 that would suit its strategic objectives and schedule.
- Rights will be discussed at the next stage of the process if the proposal is shortlisted.

**Important:**
Proposals previously rejected should not be resubmitted unless the changes suggested in TG4's feedback have been made.

## Application Requirements

- Applications must be submitted via TG4's eCommissioning system.

- A financial plan must be included, along with a list of other funders, the percentage contribution of each, and a description of the amount being sought from TG4.

**Include:**

- A description of the idea and creative approach
- Production timeline – the project must be deliverable for broadcast on TG4 before 2028
- Team and relevant experience
- Demonstration of how the proposal aligns with TG4’s distinctive perspective and strategy
- Target audience
- Linguistic editorial approach – detail how the programme/series will ensure the quality, richness, and standard of the Irish language

**Shortlisting:** If your proposal is shortlisted, you will be contacted by email on 16 April 2026.

### Multi-Platform Content

TG4 anticipates that some content may be suitable for multiple platforms. Consider whether your proposal is appropriate for digital platforms as part of your approach; however, not all ideas must necessarily be suited to digital platforms.

**Support:** TG4 commissioning editors are available to meet with producers interested in this round. Questions or preliminary discussions can be arranged by contacting:

maryellen.ni.chualain@tg4.ie
Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie

## Eligible Genres

**Entertainment:** We are seeking bold, engaging new ideas that generate discussion. TG4 is interested in commissioning entertainment series that break the mould, including factual entertainment, family programming, comedy, and content that reflects TG4's distinctive perspective.

**Factual:** From the history that shaped us to the issues of today, we are seeking documentaries and factual series that inspire, inform, and provoke thought.

We welcome new ideas across a wide range of documentary content — historical, contemporary, current affairs, and everything in between.

**Music:** We are seeking new ideas for music programming, including concerts, events, music entertainment, and live performance that strongly reflect TG4's distinctive voice and engage audiences.

**Arts & Culture:** We are seeking arts and culture programming that offers new perspectives, provides a platform for artists and creatives, and takes innovative, artistic, and creative approaches to visual storytelling and production.

From contemporary creative practice to compelling cultural stories, we are looking for television ideas that captivate, inspire, and amplify underrepresented voices.

Single programmes or prime-time series are sought.

**Note:** Applications that do not meet the above requirements will not be considered.

## Additional Information for Applicants

All proposals must be submitted electronically to TG4. Production companies must first ensure they are registered on the TG4 eCommissioning system:
https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Applications must be submitted before the deadline and via the "**Babhta Oscailte do Thograí Cómhaoinithe 2026**" option in the dropdown menu. You will receive automatic confirmation when your proposal has been submitted. Late submissions will not be accepted.

Questions regarding this call or the suitability of a project may be sent to: Julieann.ni.fhatharta@tg4.ie

Applications are accepted on the basis that applicants will comply with all relevant statutory obligations. TG4 is not obliged to accept the lowest-priced application or any application.

Any contract will be subject to a valid Tax Clearance Certificate from the Revenue Commissioners

**Freedom of Information Act**

*Applicants are advised that information provided may be disclosed under the Freedom of Information Act. Applicants should identify any sensitive information (if applicable) and explain why it is considered sensitive. However, TG4 cannot guarantee that such information will not be released, even if identified as sensitive.*

*No contractual or other binding relationship exists until a formal written contract has been executed by or on behalf of TG4.*